C/2023/472

27.10.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/472)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Rosso Orvietano / Orvietano Rosso'

PDO-IT-A0847-AM02

Dáta teachtaireachta: 4 Lúnasa 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

Úsáid ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria'

Tuairisc: Féadfar ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' a úsáid ar an lipéadú anois. Ní mór dó an t-ainmniúchán 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso' a leanúint agus a bheith faoin téarma sonrach traidisiúnta (*Denominazione di origine controllata* [Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe]) nó téarma an Aontais (*Denominazione di origine protetta* [Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint]), mar a leanas:

'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'

Denominazione di origine controllata

nó Denominazione di origine protetta

(nó an t-acrainm DOC)

Umbria

Ní mór an chlómhéid le haghaidh an ainm 'Umbria' a bheith ar aon mhéid leis an gceann le haghaidh an ainmniúcháin 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso', agus ní mór an cló (cineál), an stíl, an spásáil, an suntas, an dath agus an déine dhathmhéadrach chéanna a úsáid i gcás an dá cheann.

Tuairisc: Eascraíonn an tacaíocht ó Consorzio Tutela Vini [Eagraíocht um chosaint fíonta] maidir le hainm an limistéir gheografaigh níos mó a chur san áireamh as an ngá an táirge a shainaithint ar bhealach níos fearr i dtéarmaí na críche lena mbaineann sé, a bhfuil cáil air mar gheall ar a stair agus a áilleacht. Tá céannacht shonrach dhílis ag an ATFC 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso', agus thar aon ní eile tá luach intreach dílis aige nach mór a nochtadh. Dá bhrí sin is é an cuspóir a bhaineann le hainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' a áirithiú ar an lipéad ná an luach folaithe a nochtadh go beacht agus é a dhéanamh infheicthe do thomhaltóirí.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Coinníollacha breise – Forálacha breise a bhaineann le lipéadú' den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

   Rosso Orvietano

   Orvietano Rosso

2. **Cineál táisc gheografaigh**

   ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Fíon dearg, lena n-áirítear fíon ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: dath fíordhearg an rúibín le ruainnín corcra, nó dath an ghairnéid ag teacht air le haois maidir le cineálacha áirithe aonchineálacha. Dea-bholadh: dian, fíonmhar agus suaithinseach; aramatach san Aleatico agus éadrom sna Canaiolo agus Ciliegiolo. Bunaítear na fíonta ar fhíonchaora de na cineálacha Aleatico, Cabernet Franc, Cabernet Sauvignon, Canaiolo R., Ciliegiolo, Merlot, Montepulciano, Pinot Nero agus Sangiovese, agus léirítear a saintréithe, ag brath ar an gcineál, i bhfíonta a bhíonn bog agus galánta, agus veilbhitiúil, tathagach agus comhchuí uaireanta, agus iarbhlas a bhaineann go sonrach leo. Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %. Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Canaiolo 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois.

Dea-bholadh: fíneáilte, suaithinseach.

Blas: veilbhitiúil agus cumhracht thipiciúil.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Ciliegiolo 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath fíordhearg an rúibín.

Dea-bholadh: fíonmhar, éadrom.

Blas: torthaíoch, agus iarbhlas suaithinseach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Pinot Nero 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois.

Dea-bholadh: dian, fadtréimhseach, suaithinseach.

Blas: tirim, tathagach, suaithinseach, comhchuí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. *Cabernet Franc nó Cabernet Sauvignon 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath fíordhearg an rúibín le ruainnín corcra, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois. Dea-bholadh: dian, fadtréimhseach, suaithinseach.

Blas: tirim, agus iarbhlas suaithinseach, féarúil go héadrom.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

6. *Merlot 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath dearg an rúibín le ruainnín corcra, agus dath donnrua ag teacht air uaireanta. Dea-bholadh: fíonmhar, deas.

Blas: lán, bog, comhchuí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

7. *Sangiovese 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois.

Dea-bholadh: fíonmhar, suaithinseach.

Blas: tirim, comhchuí, tainneach ar bhealach deas nuair atá sé óg, searbh, torthaíoch agus suaithinseach ar bhealach deas.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

8. *Aleatico 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,50 %, ag a bhfuil méid alcóil iarbhír de 9,50 % ar a laghad.

Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l. Dath: dath dearg an ghairnéid agus scáileanna corcra.

Dea-bholadh: aramatach go fíneáilte, suaithinseach.

Blas: tipiciúil, bog, veilbhitiúil, meánmhilis nó milis uaireanta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Táirgeacht uasta*

1. *Rosso Orvietano / Orvietano Rosso lena n-áirítear fíon ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire*

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar ina bhfástar na fíonchaora a úsáidtear chun an ATFC 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso' a tháirgeadh suite i gcúige Terni agus is éard atá ann talamh fíonsaothrúcháin ar ardchaighdeán ar fud chríoch riaracháin na mbardas Allerona, Alviano, Baschi, Castel Giorgio, Castel Viscardo, Fabro, Ficulle, Guardea, Montecchio, Montegabbione, Monteleone d'Orvieto, Orvieto, Porano agus San Venanzo.

7. **Cineálacha fíonchaoire**

Aleatico N.

Canaiolo Nero N. — Canaiolo

Ciliegiolo N. — Morettone

Merlot N.

Montepulciano N.

Pinot Nero N. — Pinot

Sangiovese N. — Sangioveto

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

ATFC 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso' — fíon dearg lena n-áirítear fíon ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire

Tá an limistéar suite i limistéar cnocach in iardheisceart Umbria. Creidtear gur thuig na hÉatrúscaigh go raibh comhdhéanamh áirithe na carraige tuf fabhrach do phróiseáil agus caomhnú an fhíona. Ní tháirgtear ach cineálacha dearga sa limistéar seo, lena n-áirítear fíonta ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire: Aleatico, Cabernet Franc, Cabernet Sauvignon, Canaiolo, Ciliegiolo, Merlot, Pinot Nero nó Sangiovese. Tá saintréithe sonracha iontu a dhéanann deighilt shoiléir idir iad agus fíonta eile agus lenar féidir iad a rianú ar ais go dtí a dtimpeallacht gheografach. Chuir na teicnící fáis agus ardleibhéal gairmiúlachta na n-oibreoirí le clú fhíonta Orvieto ar fud an domhain a fheabhsú.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Úsáid ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria'

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' a úsáid i lipéadú agus i gcur i láthair fhíonta an ATFC 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso'. Ní mór d'ainm an limistéir gheografaigh níos mó 'Umbria' an t-ainmniúchán 'Rosso Orvietano' / 'Orvietano Rosso' a leanúint agus a bheith faoin téarma sonrach traidisiúnta (*Denominazione di origine controllata* [Ainmniúchán tionscnaimh cláraithe]) nó téarma an Aontais (*Denominazione di origine protetta* [Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint]), mar a leanas:

Rosso Orvietano / Orvietano Rosso

Denominazione di origine controllata

nó Denominazione di origine protetta

(nó an t-acrainm DOC)

Umbria

Ní mór an chlómhéid le haghaidh an ainm 'Umbria' a bheith ar aon mhéid leis an gceann le haghaidh an ainmniúcháin Rosso Orvietano / Orvietano Rosso, agus ní mór an cló (cineál), an stíl, an spásáil, an suntas, an dath agus an déine dhathmhéadrach chéanna a úsáid i gcás an dá cheann.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/19815